Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12237/22**

**MI 648**
**COMPET 704**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán maidir leis an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta ón Uachtaránacht le haghaidh na díospóireachta beartais i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Rialachán maidir leis an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair**

Tá an Coimisiún ag cur síos a thogra le haghaidh Rialachán maidir leis an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair (SMEI), mar aon le Rialachán Omnibus agus Treoir Omnibus ina mbeidh 18 bpíosa reachtaíochta maidir le táirgí comhchuibhithe agus Teachtaireacht ón gCoimisiún. Fógraíodh cheana sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy: Building a Stronger Single Market for Europes's recovery* [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa] gurb é atá mar aidhm uirlis a chruthú chun saorshreabhadh earraí, seirbhísí agus daoine a chomhordú agus a áirithiú, agus an dlúthpháirtíocht a choimeád le linn géarchéimeanna mar fhreagairt ar an suaitheadh nach bhfacthas riamh roimhe seo ar an Margadh Aonair mar thoradh ar phaindéim COVID-19.

Mar a foghlaimíodh ón bpaindéim seo, chuir easpa cumarsáide agus comhordúcháin sa bhainistiú géarchéime i measc na mBallstát bac suntasach ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine agus cuireadh isteach go mór ar shlabhraí soláthair, agus chuaigh sin chun dochair don gheilleagar. Ag an tús, dúnadh teorainneacha laistigh den Aontas mar gheall ar bhearta neamh-chomhordaithe. Chuir sé sin go léir le laghdú 5.9 % ar OTI an Aontais in 2020.

Ar an gcaoi chéanna, bhí tionchar mór ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar shoghluaisteacht daoine agus earraí san Aontas ó thaobh gach cineál iompair de, mar gheall ar dhúshláin lóistíochta a bhain le trasnuithe teorann agus srianta aerspáis den chuid is mó. Ina theannta sin, d'eascair dúshláin oibríochtúla bhreise as mórphlódú dídeanaithe ón Úcráin isteach chuig an Aontas.

Mar a léiríodh leis na géarchéimeanna sin a bhí ann le déanaí, ní mór cinntí a dhéanamh go tapa agus a chur chun feidhme go héifeachtúil, agus ag an am céanna, ní mór a bheith in ann oiriúnú go gasta d'fhorbairtí nua. Ní mór rochtain ar fhaisnéis thráthúil chuimsitheach, a bheidh struchtúrtha go soiléir, chomh maith le trédhearcacht i leith na n-oibreoirí eacnamaíocha uile a áirithiú ar mhaithe le feidhmiú cuí an Mhargaidh Aonair i gcásanna éigeandála.

Chun na tionchair ar an Margadh Aonair a laghdú, baineann an tAontas leas as na sásraí atá ann cheana, amhail fógraí faoin Treoir um Thrédhearcacht nó an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair. Is é is aidhm do na tograí ón gCoimisiún a glacadh nó a foilsíodh le déanaí agus do na creataí de chuid an Aontais (ina measc, HERA, an togra le haghaidh Gníomh um Shliseanna, an togra le haghaidh Gníomh um Shonraí) bearta níos spriocdhírithe a leagan síos, ina ndíreofar ar ghnéithe áirithe de bhainistiú géarchéimeanna nó a bheidh ábhartha d'earnálacha sonracha. Dá bhrí sin, mar cheann de spriocanna na hIonstraime nua-bheartaithe Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair, féachtar le tógáil ar na huirlisí sin agus iad a chomhlánú chun comhordú, comhar, dlúthpháirtíocht agus cumarsáid éifeachtach a éascú idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus na geallsealbhóirí. Is é is aidhm di feidhmiú an Mhargaidh Aonair a neartú agus saorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí a áirithiú i gcásanna géarchéime sa todhchaí.

Iarrann an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí a n-idirghabhálacha a bhunú ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhghnéithe de thogra SMEI lena méadófaí athléimneacht an Mhargaidh Aonair?

2. Conas a oibreoidh na hidirnaisc idir togra SMEI agus na tograí eile atá á bplé faoi láthair?